

**HFA**An Ghníomhaireacht
Airgeadais Tithíochta
Housing Finance Agency

Téarmaí Tagartha an Bhoird

1. Réamhrá

Is cuideachta leathstáit neamhthráchtála í an Ghníomhaireacht Airgeadais Tithíochta (“GAT”) faoi choimirce an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (an “tAire”). Bunaíodh é leis an Acht um Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe, 1981 agus corpraíodh é i 1982.

Is é príomhchúram an GAT iasacht a thabhairt d’údaráis áitiúla, do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta, d’institiúidí ardoideachais agus d’ollscoileanna teicneolaíochta chun críocha tithíochta agus chun críocha gaolmhara, agus airgead a fháil ar iasacht nó a bhailiú chun iasachtú den sórt sin a chumasú.

Is é cuspóir an doiciméid seo téarmaí tagartha Bhord an GAT (‘an Bord’) a leagan amach. D’fhaomh an Bord na téarmaí tagartha seo an 23 Feabhra 2023 agus tá siad i bhfeidhm ón dáta sin.

2. Comhdhéanamh an Bhoird

Is é an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a cheapann Bord GAT, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá dhá chomhalta déag air agus de ghnáth is comhdhéanta de aon Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin déag agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (“POF”) atá sé.

Níl sé de cheart ach ag comhaltaí Boird freastal ar chruinnithe Boird. Mar sin féin, féadfar cuireadh a thabhairt do dhaoine aonair eile ar nós an POF (a mhéid nach ball den Bhord é), Cinn an Chisteáin, Airgeadais agus baill foirne eile agus comhairleoirí seachtracha freastal ar aon chruinniú iomlán nó ar chuid de, de réir mar is cuí agus nuair is gá.

Ceapann an tAire Cathaoirleach an Bhoird ar feadh téarma cúig bliana agus b’fhéidir go mbeidh orthu iad féin a chur ar fáil don Choiste Oireachtais cuí chun an cur chuige a ghlacfaidh siad dá ról mar Chathaoirleach agus a dtuairimí faoi rannchuidiú an chomhlachta nó an Bhoird atá i gceist amach anseo a phlé. Ceaptar comhaltaí eile den Bhord ar feadh téarma cúig bliana nó cibé téarma eile mar is toil leis an Aire.

Tá an Cathaoirleach freagrach as ceannaireacht an Bhoird agus a héifeacht a chinntiú i ngach gné dá ról. Ní mór don Chathaoirleach ardchaighdeán ionracais agus macántacht a léiriú maidir le cultúr, luachanna agus iompraíochtaí don GAT agus cuma na gcomhráití ag leibhéal an Bhoird. Caithfidh an Cathaoirleach meon oscailteacht agus plé a chothú trí ligean do phríomhbhainistíocht agus do bhaill uilig an Bhoird cur leis an díospóireacht go héifeachtach.

Cuirfidh Cathaoirleach an Bhoird bearnaí scileanna atá ar an mBord ar a súile don Aire roimh ré nuair atá folúntais Bhoird le teacht chun cinn. Maidir leis sin, tabharfaidh Cathaoirleach an Bhoird aird chuí ar na buntáistí a bhaineann le héagsúlacht ar an mBord lena n-áirítear inscne.



Ba chóir aird a tharraingt ar chomhdhéanamh inscne reatha an Bhoird agus aighneachtaí á ndéanamh chuig an Aire maidir le ceapacháin Bhoird agus athcheapacháin.

In éagmais an Chathaoirligh ag cruinniú Boird, toghfaidh na comhaltaí atá fágtha i láthair duine dá líon chun cathaoirleacht a dhéanamh ar an gcruinniú Boird sin.

Féadfaidh an Bord, ó am go ham, cibé Coistí den Bhord a bhunú is gá chun cabhrú leis i gcomhlíonadh a dhualgas.

Sa chás go gcuirtear Coiste i bhfeidhm, déanann an Bord an méid seo a leanas:

- beidh aird aige ar an raon cáilíochtaí agus taithí is gá chun feidhmeanna an Choiste a chomhlíonadh go cuí agus go héifeachtach;
- faomhadh na Téarmaí Tagartha, a shonraítear i scríbhinn agus a ndéantar athbhreithniú bliantúil orthu;
- comhaltaí an Choiste a cheapadh ar ainmniú Chathaoirleach an Choiste; agus
- tuarascálacha rialta a fháil ón gCoiste.

I gcás ina gcuirtear Coiste i bhfeidhm, féadfaidh an Bord:

- duine a cheapadh chun bheith ina Chathaoirleach;
- comhalta de Choiste a chur as oifig ag am ar bith; agus/nó
- coiste arna bhunú a dhíscaoileadh tráth ar bith.

Bainfidh prótacail maidir le hoibriú an Bhoird le gach Coiste. Nuair a bheidh siad formheasta, scaipfear miontuairiscí chruinnithe an Choiste ar an mBord leis an bpacáiste faisnéise don chéad chruinniú Boird eile.

3. Rúnaí an Bhoird

Cinntoidh Rúnaí an Bhoird go bhfaighidh an Bord faisnéis agus páipéir go tráthúil le gur féidir breithniú iomlán cuí a dhéanamh ar na saincheistanna.

Tá rúnaí an Bhoird freagrach freisin as baill nua den Bhord a ionduchtú go foirmiúil agus as oiliúint agus meantóireacht a eagrú do bhaill an Bhoird nuair is gá.

Beidh rochtain ag gach ball den Bhord ar chomhairle an Rúnaí, atá freagrach as a chinntiú go gcomhlíontar nósanna imeachta an Bhoird.

Cúrsaí don Bhord ina iomláine is ea ceapachán agus cur as oifig an Rúnaí araon.

4. Córam

Triúr baill an córam is gá chun gnó a dhéanamh. Beidh cruinniú a thionólfaidh an Bord go cuí, ag a mbeidh córam i láthair, inniúil chun gach ceann nó aon cheann de na húdaráis, na cumhachtaí agus na discrídí is infheidhmithe ag an Bhord a fheidhmiú.

**HFA**An Ghníomhaireacht
Airgeadais Tíbhíochta
Housing Finance Agency

5. Minicíocht na gcruinnithe

Tionólfaidh an Bord an oiread cruinnithe is gá chun a dhualgais a chomhlíonadh. Féadfaidh an Bord a chinneadh cruinnithe a thionól go neamhchorprach, go cianda trí Microsoft Teams nó ar bhealach a mheasann sé a bheith oiriúnach don chruinniú sin.

6. Fógra faoi chruinnithe

Déanfaidh Rúnaí an Bhoird cruinnithe an Bhoird a thionól ar iarratas ón gCathaoirleach an Bhoird.

Mura gcomhaontófar a mhalairt, cuirfear fógra faoi gach cruinniú lena ndaingneofar an t-ionad, an t-am agus an dáta mar aon le clár oibre na míreanna a bheidh le plé ar aghaidh chuig gach comhalta den Bhord agus chuig aon duine eile a gceanglófar air nó uirthi freastal tráth nach déanaí ná seachtain amháin roimh dháta an chruinnithe. Seolfar páipéir tacaíochta chuig comhaltaí an Bhoird agus chuig daoine eile a bheidh i láthair de réir mar is cuí ag an am céanna.

7. Miontuairiscí na gcruinnithe

Cinntoidh Rúnaí an Bhoird go gcoimeádfar miontuairiscí cuí ar imeachtaí agus ar rúin chruinnithe uile an Bhoird, lena n-áirítear ainmneacha na ndaoine a bheidh i láthair agus a bheidh i láthair a thaifeadadh.

Scaipfear miontuairiscí chruinnithe an Bhoird ar chomhaltaí uile an Bhoird a luaithe is indéanta tar éis an Chruinnithe Boird atá i gceist.

8. Dualgais an Bhoird

Déanfaidh an Bord freagracht oibríochtúil as an gcomhlacht stáit a reáchtáil ó lá go lá a tharmligeann chuig an POF agus chuig foireann bainistíochta an GAT.

Ba chóir don Bhord príomhfheidhmeanna a chomhlíonadh, lena n-áirítear:

- treo straitéiseach agus mórfheallanna gníomhaíochta, beartais agus nósanna imeachta bainistíochta riosca a athbhreithniú agus a threorú,
- buiséid bhliantúla agus pleananna gnó a fhorghnó,
- cuspóirí feidhmíochta a leagan amach,
- faireachán ar fheidhmíocht eagraíochtúil, agus
- maoirseacht a dhéanamh ar mhórchinntí caiteachais chaipitiúil agus infheistíochta.

Tá údarás ag an mBord aon ghníomhaíocht a bhreithniú laistigh dá théarmaí tagartha. Tá dualgais mhionsonraithe an Bhoird leagtha amach thíos.

Ba chóir don Bhord teacht le chéile sách rialta chun a chuid dualgas a chomhlíonadh go héifeachtach. Ba cheart go mbeadh sceideal foirmiúil ábhar curtha in áiríthe go sonrach ag an mBord lena gcinneadh chun a chinntiú go bhfuil treo agus rialú an GAT go daingean ina lámha. D'fhéadfadh sé go mbeadh faomhadh ón Aire ag teastáil chun cuid de na hábhair seo a dhéanamh.



Ba chóir go n-áireofaí sa sceideal seo, ar a laghad, an méid seo a leanas:

- is príomhfhreagracht Bhord an GAT é plean straitéiseach a ullmhú agus a ghlacadh. Ba cheart do phleananna den sórt sin cuspóirí iomchuí a leagan amach agus spriocanna agus táscairí agus spriocanna ábhartha a shainaithint ar féidir feidhmíocht a thomhas go soiléir ina leith;
- faomhadh ar bhonn bliantúil de Phlean Corparáideach cúig bliana;
- téarmaí mórchonarthaí a fhorghnó;
- ceapadh, luach saothair agus measúnú ar fheidhmíocht an POF agus ar phleanáil chomharbais don POF;
- leasuithe suntasacha ar shochair phinsin an POF agus na foirne;
- i gcomhlachtaí Stáit neamhthráchtála, dearbhuithe maidir le comhlíonadh ceanglas reachtúil agus riaracháin i ndáil le ceapachán, líon, grádú agus coinníollacha na foirne uile a cheadú, lena n-áirítear luach saothair agus aoisliúntas;
- buiséid bhliantúla a fhaomhadh;
- tuarascálacha bliantúla agus ráitis airgeadais a fhaomhadh;
- ceadú éadálacha suntasacha, diúscairtí suntasacha agus scor sócmhainní GAT nó a fhochuideachtaí. Ba cheart go sonrófaí sa sceideal tairseacha cainníochtúla soiléire do chonarthaí a bhfuil gá le faomhadh ón mBord os a gcionn;
- mórinfheistíochtaí agus mórthionscadail chaipitil a fhaomhadh; agus;
- leibhéil údaráis, beartas státhchiste agus beartais bainistithe riosca a tharmligean.

Ba chóir don Bhord teacht le chéile dhá uair sa bhliain ar a laghad gan baill an Bhoird feidhmiúcháin ná an bhainistíocht a bheith i láthair chun aon nithe a mheastar a bheith ábhartha a phlé.

Coinneoidh an Bord faoi athbhreithniú forbairtí rialachais chorparáidigh, (lena n-áirítear nithe a bhaineann le heitic), a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don GAT agus é mar aidhm a chinntiú go leanfaidh beartais agus cleachtais rialachais chorparáidigh an GAT de bheith ag teacht leis an gcleachtas is fearr. Cinnteoidh an Bord go gcloífeadh leis na prionsabail agus na forálacha atá leagtha amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, arna leasú, (agus le haon chóid rialachais chorparáidigh eile a bhaineann leis an nGníomhaireacht Airgeadais Tithíochta).

9. Freagrachtaí tuairiscithe

Coinneoidh an Bord an tAire ar an eolas faoi ábhair a thagann chun cinn laistigh den GAT tríd an gCathaoirleach.

10. Féinmheastóireacht

Déanfaidh an Bord athbhreithniú ar a fheidhmíocht féin ar a laghad uair sa bhliain, chun a chinntiú go bhfuil sé ag feidhmiú ar uaséifeachtacht agus chun aon athruithe a mheasann sé is gá a chur i bhfeidhm. Déanfar athbhreithniú seachtrach ar an mBord gach trí bliana ar a laghad.

11. Údarás

Tá údarás ag an mBord an fhaisnéis a theastaíonn uaidh a lorg ó fheidhmeannas GAT d'fhonn a dhualgais a chomhlíonadh.

Údaraítear don Bhord, ar chostas GAT, comhairle dhlíthiúil nó ghairmiúil eile a fháil, i gcás ina measann sé gur gá sin chun a fhreagrachtaí a chomhlíonadh. Sa chás go bhfuil gá le comhairle ón taobh amuigh, ba chóir é seo a cheadú le rún ón mBord.

**HFA**An Ghníomhaireacht
Airgeadais Tithíochta
Housing Finance Agency

Is féidir leis an mBord nó le haon bhall aonair comhairle ghairmiúil neamhspleách lasmuigh a fháil agus freastal sainchomhairleoirí a bhfuil taithí agus saineolas ábhartha acu a aimsiú má mheasann sé go bhfuil gá leis sin. Sula ndéanann siad amhlaidh, ní mór dóibh faomhadh an Chathaoirligh a lorg.

Ní mór do bhaill aonair an Bhoird aird ar leith a thabhairt ar choinbhleachtaí leasa (nó coinbhleachtaí féideartha) a sheachaint maidir le hiasachtaí a cheadú nó a mholadh. Má thagann coimhlínt fhéideartha chun cinn, ba chóir an Bord a chur ar an eolas.

Is féidir le tromlach na gcomhaltaí atá i láthair cinntí an Bhoird a dhéanamh.

Tá an Bord freagrach i dteannta a chéile as gníomhaíochtaí an GAT a threoiriú agus a stiúradh. Cé go bhféadfaidh an Bord feidhmeanna áirithe a tharmligean chuig an mbainistíocht, ní shaorann feidhmiú chumhacht an tarmiligin an Bord ón dualgas maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na bhfeidhmeanna tarmligthe.

Tá dualgas ar bhainistíocht an GAT gach eolas riachtanach a chur ar fáil don mBord chun a chur ar chumas an Bhoird a chuid dualgais a chomhlíonadh ar ardchaighdeán. Ba chóir do Bhord an GAT gach céim atá riachtanach a ghlacadh chun iad féin a chur ar an eolas faoi fhaisnéis ábhartha ar bith agus rochtain a dhéanamh ar gach fhaisnéis de réir mar is gá.

Cé go bhfuil ar Bhord an GAT Coiste Iniúcháireachta agus Riosca a chur ar bun chun cabhrú leis agus é ag féachaint ar shaincheisteanna a bhaineann le hiniúchadh, rialachas agus bainistiú riosca is é Bord an GAT atá freagrach i gcónaí as na réimsí seo ar fad agus is é a ghlacann na cinntí deiridh.

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go bhfuil córais éifeachtacha rialaithe inmheánaigh curtha ar bun agus curtha i bhfeidhm. Ceanglaítear ar an mBord a dhearbhu go bliantúil don Aire ábhartha go bhfuil córas cuí rialaithe inmheánaigh agus airgeadais i bhfeidhm ag an gcomhlacht Stáit.

Ba cheart do Bhord GAT ráiteas straitéise a ghlacadh ar feadh tréimhse idir trí bliana agus cúig bliana amach romhainn nó de réir mar a shainordaítear a mhalairt lena reachtaíocht rialaithe.

Ba chóir go mbeadh an ráiteas ailínithe le cuspóirí sonracha i Ráiteas Straitéise na máthair-Roinne, a mhéid is ábhartha, agus ba cheart go mbeadh sé ag teacht freisin le haon bheartais Rialtais maidir le hathchóiriú agus nuachóiriú na Seirbhíse Poiblí chomh maith le freagrachtaí reachtúla an chomhlachta lena mbaineann.

**HFA**

An Ghníomhaireacht
Airgeadais Tithíochta
Housing Finance Agency

Ba chóir cóip den dréachtphean straitéiseach (giniúint ioncaim dhílis san áireamh) agus plean gnó agus airgeadais cúig bliana a sheoladh don Aire ábhartha, agus, más cuí, don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sula dtugann an Bord an plean/na pleananna chun críche agus sula nglacann sé/sí leo.

Arna fhormheas ag Bord GAT,

27 Aibreán 2023